# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2012

# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

**Arna cur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946**

# RÁITEAS MISIN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

*"Chun teacht ar bhonn chun comhaontú réalaíoch agus substaintiúil a bhaint amach trí shocruithe a sholáthar atá tapa, cothrom, neamhfhoirmiúil agus neamhchostasach ar mhaithe le breithniú a dhéanamh agus réiteach a fháil ar dhíospóidí tionsclaíocha"*

**CLÁR** **Lch**


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | 4 |
| Comhaltaí na Cúirte Oibreachais in 2012 | 8 |
| Ceannlínte 2012 | 9 |
| Forbhreathnú ar 2012 | |
| *Cásanna a tarchuireadh* | 10 |
| *Cásanna a tugadh chun críche* | 13 |
| *Éisteachtaí* | 14 |
| Cásanna os Comhair na Cúirte in 2012 | |
| *Cásanna Caidrimh Thionscail* | 15 |
| *Cásanna Comhionannais* | 18 |
| *Cásanna maidir le hEagrú Ama Oibre* | 20 |
| Cásanna maidir le *Pá Íosta Náisiúnta* | 22 |
| *Cásanna maidir le Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)* | 23 |
| *Cásanna maidir le Cosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe)* | 25 |
| *Cásanna maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | 27 |
| Treocht Cúig Bliana maidir le Tarchur Díospóidí | 28 |
| An Timpeallacht Chaidrimh Thionscail in 2012 | 29 |
| Gníomhaíochtaí Eile | |
| *Comhchoistí Oibreachais* | 30 |
| *Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe* | 31 |
| *Athruithe faoin Acht Caidrimh Thionscail (Leasú)*, 2012 | 32 |
| *Comhchomhairlí Tionscail* | 33 |
| An Próiseas Athchóirithe | 34 |
| Aguisíní | |
| Aguisín 1 - Tarchuir a fuarthas in 2012 | 36 |
| Aguisín 2 - Cásanna a Tugadh chun Críche in 2012 | 40 |
| Aguisín 3 - Comhchoistí Oibreachais in 2012 | 44 |
| Aguisín 4 - Comhchomhairlí Tionscail | 45 |
| Aguisín 5 - Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais | 46 |
| Aguisín 6 - Struchtúr na Cúirte Oibreachais | 49 |
| Aguisín 7 - Tuilleadh Faisnéise | 50 |

# RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Sa bhliain ata á hathbhreithniú tá ualach oibre na Cúirte tar éis cobhsú ag leibhéal beagáinín faoi bhun leibhéal na bliana roimhe sin. Mar a léireofar i gcorp na Tuarascála seo, fuair an Chúirt 1,181 tarchur ar an iomlán in 2012. Bhí an figiúr seo beagáinín níos ísle ná an 1,254 tarchur a fuarthas in 2011.

Bhí roinnt athruithe le sonrú ar phróifíl na gcásanna ar déileáladh leo áfach. Tháinig laghdú ar líon na gcásanna a tugadh os comhair na Cúirte faoi fhorálacha éagsúla na nAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2012, rud atá ag teacht le treocht measartha seasmhach atá le sonrú le roinnt blianta anuas. Tarchuireadh 693 cás faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail éagsúla in 2012 i gcomparáid le 805 ceann in 2011. Is é ceann de na cúiseanna leis sin ná an laghdú ar ghníomhaíocht agus ar fhostaíocht san earnáil foirgníochta i gcoitinne. Sna blianta atá imithe thart, d'eascair líon mór cásanna as gearáin a rinne ceardchumainn agus comhlachtaí fostóra inar líomhnaíodh gur sáraíodh Comhaontuithe Cláraithe le haghaidh na dtionscal foirgníochta nó conraitheoireachta leictrí (tarchuir faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail 1946 agus faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail 1969). Tá an meath ar ghníomhaíocht sa dá earnáil le sonrú sa laghdú leanúnach ar líon na gcásanna sna catagóirí seo.

Bhí baint ag cuid mhór de na tarchuir chaidrimh thionscail a fuarthas le linn na bliana le cur i bhfeidhm Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014. Fad agus a thagann na cásanna seo os comhair na Cúirte de bhun Alt 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1990, tá dualgas ar na páirtithe glacadh le moladh na Cúirte faoi théarmaí an Chomhaontaithe.

Gné shuntasach eile de na cásanna caidrimh thionscail ná an méid díospóidí maidir le gearradh siar ar rátaí pá agus coinníollacha oibre a bhí i gceist. Chomh maith leis sin d'eisigh an Chúirt roinnt moltaí ar mhaithe le díospóidí a réiteach a thig as athruithe a tugadh isteach ar shocruithe pinsin, lena n-áirítear deireadh a chur leis na scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Léiríonn na cásanna sa chatagóir seo na deacrachtaí eacnamaíochta agus tráchtála atá le sárú ag go leor fostaíochtaí i gcónaí. Tá sé curtha in iúl go minic ag an gCúirt agus iad ag déileáil le cásanna sna catagóirí ginearálta seo nach molfaidh sí athruithe chun donais ar choinníollacha oibre atá seanbhunaithe ach amháin sa chás gur ríléir gur gá amhlaidh a dhéanamh ionas go mbeidh na fiontair lena mbaineann fós inmharthana agus go gcosnófar fostaíocht dá bhrí sin.

Is díol suntais é go bhfuil cúrsaí caidrimh thionscail fós cobhsaí tríd is tríd in ainneoin na ndálaí deacra eacnamaíochta atá fós againn. Le linn na bliana bhí cúig dhíospóid thionsclaíocha ann ina raibh 1,920 oibrí páirteach agus cailleadh 8486 lá oibre mar thoradh orthu. Léiríonn an méid sin go bhfuil na ceardchumainn agus fostóirí sásta déileáil le ceisteanna caidrimh thionscail atá casta agus deacair trí idirbheartaíocht a dhéanamh agus trí úsáid a bhaint as na meicníochtaí caidrimh thionscail a chuireann an Stát ar fáil seachas trí ghníomhú aontaobhch ná trí choimhlint. Is maith an rud é seo agus is mór an t-ábhar dóchais é ó thaobh an téarnaimh gheilleagraigh.

Tháinig méadú beag ar líon na n-achomharc atá ag teacht os comhair na Cúirte faoin reachtaíocht maidir le cearta fostaíochta (ó 449 in 2011 go dtí 488 in 2012), rud eile ata ag teacht leis na treochtaí is déanaí. Mar a bheidh le feiceáil, is ionann cásanna sa chatagóir seo agus 41% de líon iomlán cásanna na Cúirte anois. Mar a chuir mé in iúl roimhe seo, nuair a dhéantar iad a thomhas i dtéarmaí an ualaigh oibre, bíonn an Chúirt gafa le breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí a bhaineann le cearta fostaíochta níos mó ná a cheapfá bunaithe ar líon na gcásanna sin. Is é is cúis leis sin ná fad na n-éisteachtaí ar an meán sna cásanna seo, agus iad i bhfad níos faide ná an t-am a bhíonn ag teastáil le díospóidí caidrimh thionscail a thabhairt chun críche. Anuas ar sin, mar gheall ar chastacht na gceisteanna sin, ní mór níos mó ama a chaitheamh ar bhreitheanna a cheapadh agus a dhréachtú. Is féidir achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh chinntí na Cúirte maidir le ceisteanna cearta fostaíochta ar phonc dlí. Ní minic a thionscnaítear achomhairc agus ní chuirtear isteach ar bhreith na Cúirte ach mar gheall ar líon fíorbheag díobh.

Cuireadh trí stádas nua le corp na reachtaíochta atá faoi dhlínse na Cúirte le linn na bliana atá á hathbhreithniú. Ar an 30 Eanáir 2012, le hIonstraim Reachtúil 36/2012, rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Rialacháin dar teideal Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre) 2012. Ba é éifeacht na Rialachán sin an ceart a thabhairt do chatagóirí áirithe d'oibrithe taistil atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí iompair ar bhóithre gearán a dhéanamh le Coimisinéir um Chearta maidir le heagrú a gcuid ama oibre. Tugadh an dlínse Achomhairc don Chúirt faoi na Rialacháin seo. Ní bhfuarthas aon achomhairc faoi na Rialacháin seo in 2012.

I mí Bealtaine 2012, achtaíodh an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 chun éifeacht a thabhairt do Threoir 2008/104/CE maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach. Foráiltear leis an Acht do chur i bhfeidhm an phrionsabail faoina gcaitear go cothrom ó thaobh coinníollacha oibre le hoibrithe gníomhaireachta i gcoibhneas oibrithe buana is inchomparáide leo. Is féidir díospóidí a thagann chun cinn faoin Acht a tharchur chuig Coimisinéir um Chearta sa chéad dul síos agus ar achomharc chuig an gCúirt.

I Lúnasa 2012, achtaíodh an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012. Ba é cuspóir an Achta seo forálacha nua a dhéanamh maidir le hOrduithe Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh agus maidir le feidhmiú na gComhchoistí Oibreachais.  Bhí gá leis an méid sin tar éis bhreith na hArd-Chúirte in J*ohn Grace Fried Chicken Limited agus Eile in aghaidh an Chomhchoiste Oibreachais um Lónadóireacht, Éire agus an Ard-Aighne* [2011] 1 I.LR.M 392, inar cinneadh go raibh forálacha an Achta Caidrimh Thionscail, 1946 faona ndearnadh na horduithe sin go foirmiúil neamhbhailí ag féachaint d'Airteagal 15 den Bhunreacht. Chomh maith leis sin leis an Acht seo leasaíodh go forleathan forálacha Acht na bliana 1946 a bhain le comhaontuithe fostaíochta a chlárú.  Nuair a bhí an tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo thart chinn an Chúirt Uachtarach go raibh Cuid III d'Acht na bliana 1946, ina gcaitear le Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe neamhbhailí freisin ag féachaint d'Airteagal 15 den Bhunreacht.

Ba é ceann d'éifeachtaí láithreacha an bhreithiúnais seo ná clárú na gcomhaontuithe ar fad a cláraíodh faoin leagan den Acht nár leasaíodh a chur ar neamhní.  Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá éiginnteacht fós ag baint le himpleachtaí an bhreithiúnais seo vis-à-vis na leasuithe a rinneadh le hAcht na bliana 2012 agus tá comhairle á lorg ó Oifig an Ard-Aighne tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Eagraíodh seisiúin taithíocha le haghaidh comhaltaí den Chúirt maidir leis an reachtaíocht nua a thagann faoina dlínse reachtúil. Anuas air sin reáchtáil an Chúirt roinnt seimineár maidir le ceisteanna ar leith a bhaineann leis an obair atá ar bun aici mar chuid dá tiomantas d'oiliúint leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil a cuid comhaltaí.

Níor athraíodh comhaltaí na Cúirte le linn 2012.

Bhí ar an gCúirt agus ar fhoireann na Cúirte plé le gníomhaíochtaí pleanála agus riaracháin breise i rith na bliana toisc go bhfuiltear ag ullmhú don athchóiriú beartaithe ar na hinstitiúidí réitithe díospóidí maidir le cearta fostaíochta. Tá an Chúirt fós ag leanúint uirthi ag comhoibriú go hiomlán leis an Roinn maidir leis na socruithe is gá a dhéanamh chun na hathchóirithe atá beartaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach, athchóirithe a thiocfaidh in éifeacht nuair a achtófar an Bille um Chaidreamh san Ionad Oibre atá beartaithe. Nuair a bheidh na hathchóirithe curtha i bhfeidhm go hiomlán, beidh athruithe forleathana le feiceáil dá mbarr ar raon feidhme dhlínse na Cúirte i gcúrsaí a bhaineann le cearta fostaíochta agus dá bhrí sin i méid, i raon agus i gcastacht a hualaigh oibre. Tá an Chúirt ag déanamh a seacht ndícheall faoi láthair chun a chinntiú go ndéanfar a cleachtais, a nósanna imeachta agus a struchtúr riaracháin a athrú ionas gur féidir aistriú gan stró chuig na socruithe nua atá beartaithe i gclár athchóirithe an Aire.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as ucht a dtiomantais leanúnaigh le linn na bliana atá á hathbhreithniú ar mhaithe le seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costas de a chur ar fáil do lucht úsáidte na Cúirte. Ba mhaith liom a chur in iúl freisin gur mór agam an obair atá déanta ag rúnaíocht agus ag foireann riaracháin na Cúirte. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na mball foirne, lean siad orthu ag cinntiú go bhfuil an Chúirt ag feidhmiú go rianúil agus go n-éistear cásanna agus go n-eisítear breitheanna gan moill mhíchuí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, leis an Ard-Rúnaí agus le hOifigigh na Roinne as ucht a tacaíochta leanúnaí i rith na bliana. Ba mhaith liom a chur in iúl go háirithe go bhfuil mé fíorbhuíoch as an gcaoi ar lean siad orthu ag cur na n-acmhainní is gá ar fáil don Chúirt ionas go bhféadfadh sí a feidhm reachtúil a chomhlíonadh in ainneoin na mbrúnna géara buiséid a bhfuil ar an Roinn feidhmiú laistigh díobh.

**Kevin Duffy**

**Cathaoirleach**

**Meitheamh 2013**

## COMHALTAÍ NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2012

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | *Kevin Duffy* |
| **Leas-Chathaoirligh** | *Caroline Jenkinson*<br>*Brendan Hayes* |
| **Comhaltaí Fostóra** | *Peter Murphy*<br>*Sylvia Doyle*<br>*Mary Cryan* |
| **Comhaltaí Oibrí** | *Pádraigín Ní Mhurchú*<br>*Jerry Shanahan*<br>*Linda Tanham* |
| **Cláraitheoir** | *Hugh O'Neill* |

# CEANNLÍNTE 2012

In 2012, rinne an Chúirt Oibreachais

- 1,181 tarchur a fháil
- 938 éisteacht a thionól
- 691 Moladh / Cinneadh / Breith / Ordú a eisiúint
- 192 cás a fhiosrú a réitíodh roimh éisteacht nó aici

agus

- 1 Chomhaontú Fostaíochta a chlárú
- 1 Chomhaontú Comhchoiteann a chlárú faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997

**Obair na Cúirte Oibreachais in 2012 i gcomparáid le 2011**

| Catagóir | Líon in 2012 | Líon in 2011 |
|---|---|---|
| Tarchuir a fuarthas | 1,181 | 1,254 |
| Éisteachtaí | 938 | 1,043 |
| Moltaí srl. a eisíodh | 691 | 774 |
| Cásanna a réitíodh roimh / ag Éisteacht | 192 | 245 |
| Comhaontuithe Comhchoiteanna a ceadaíodh: | | |
| *An tAcht um Eagrú Ama Oibre* | 1 | 0 |
| *An tAcht um Obair Pháirtaimseartha* | 0 | 0 |
| Orduithe Rialaithe Fostaíochta a rinneadh | 0 | 1 |
| Comhchomhairlí Tionscail a cláraíodh | 0 | 2 |
| Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe: | | |
| *Clárúcháin* | 1 | 3 |
| *Athruithe* | 0 | 1 |

# FORBHREATHNÚ AR 2012

## *CÁSANNA A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT IN 2012*

***Líon na dTarchur***

| | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 693 | 805 | -112 (-14%) |
| Cearta Fostaíochta | 488 | 449 | +39 (+9%) |
| **Iomlán** | **1,181** | **1,254** | **-73 (-6%)** |

Ar an iomlán, tháinig laghdú 6% ar tharchuir chuig an gCúirt Oibreachais in 2012, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (ó 1,254 go dtí 1,181) agus bhí athrú ní ba shuntasaí le sonrú i roinnt fochatagóirí tarchuir.

B'ionann na tarchuir faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012 agus 59% d'iomlán na dtarchur. Bhí laghdú foriomlán 112 nó 14% le sonrú san aicme tarchuir seo i gcomparáid le 2011 (693 tarchur i gcomparáid le 805). Bhain an t-athrú ba shuntasaí le tarchuir faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, lena bhforáiltear go ndéanfar gearáin leis an gCúirt nuair a sháraítear Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe. B'ionann líon iomlán na dtarchur faoin gcatagóir seo agus 52 in 2012 i gcomparáid le 136 in 2011 - laghdú 62%.

B'ionann tarchuir faoin reachtaíocht Cearta Fostaíochta agus 41% de na cásanna a tháinig faoi bhráid na Cúirte le linn na bliana, ach mar gheall ar na saincheisteanna casta dlí a bhaineann le go leor de na cásanna seo, bíonn céatadán níos mó d'ualach oibre foriomlán na Cúirte i gceist leo. Cé go raibh líon foriomlán na dtarchur faoi reachtaíocht um Chearta Fostaíochta cosúil a bheag nó a mhór le 2011 (488 in 2012 i gcomparáid le 449 sa bhliain roimhe sin) bhí athrú níos suntasaí le sonrú i roinnt fochatagóirí. Bhí na méaduithe ba shuntasaí le sonrú i dtarchuir faoin Acht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 a méadaíodh go 10 gcinn i gcomparáid le ceann amháin an bhliain roimhe sin agus i dtarchuir faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 a raibh 33 ceann ar an iomlán acu ann i gcomparáid le 24 ceann an bhliain roimhe sin - arb ionann é agus méadú 38%. Anuas air sin b'ionann líon na dtarchur faoin reachtaíocht maidir le hEagrú Ama Oibre agus 273 i gcomparáid le 249 sa bhliain roimhe sin – ar méadú 10% é seo – agus b'ionann líon na n-achomharc in aghaidh bhreitheanna an Bhinse Comhionannais agus 73 i gcomparáid le 67 sa bhliain roimhe sin – ar méadú 9% é seo.

## *Próifíl na dTarchur – de réir Catagóirí*

| Catagóir | 2012 | 2011 | Athrú |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 693 | 805 | -112 |
| Cearta Fostaíochta: | 488 | 449 | |
| Comhionannas | 73 | 67 | +6 |
| Eagrú Ama Oibre | 273 | 249 | +24 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 33 | 24 | +9 |
| Obair Pháirtaimseartha | 12 | 13 | -1 |
| Obair Téarma Shocraithe | 64 | 68 | -4 |
| Sábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair | 21 | 25 | -4 |
| Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe | 10 | 1 | +9 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 1 | 0 | +1 |
| An tAcht Sláinte | 1 | 2 | -1 |
| **Iomlán** | **1,181** | **1,254** | **-73** |

## *Catagóirí Tarchuir – mar Chéatadán d'Iomlán na dTarchur*

| Catagóir | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 59% | 64% |
| Cearta Fostaíochta: | 41% | 36% |
| Comhionannas | 6% | 5.3% |
| Eagrú Ama Oibre | 23% | 20% |
| Pá Íosta Náisiúnta | 3% | 1.91% |
| Obair Pháirtaimseartha | 1% | 1.03% |
| Obair Téarma Shocraithe | 5% | 5.4% |
| Sábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair | 2% | 1.99% |
| Faisnéis agus Comhchomhairle | 0.8% | 002% |
| An tAcht Sláinte | 0.08% | 0.15% |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 0.08% | 0 |

## *Próifíl na dTarchur – de réir Foinsí*

| Foinse | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Cásanna a raibh baint ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais leo roimhe sin - | | 701 | |
| **ina raibh** | | | |
| Tarchuir ó sheirbhísí idir-réitigh[1] | 161 | | 199 |
| Tarchuir ó sheirbhísí comhairleacha[2] | 2 | | 2 |
| Achomharc i gcoinne Molta / Breithe ó Choimisinéir um Chearta | 538 | | 528 |
| Achomharc i gcoinne breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | | 72 | 67 |
| Tarchuir dhíreacha[3] | | 167 | 135 |
| Eile[4] | | 241 | 323 |
| **Iomlán** | | **1,181** | **1,254** |

[1] Áirítear air seo roinnt cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh Moladh a eisiúint ag an gCúirt. Anuas air sin, áirítear air tarchuir faoi Alt 26 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 agus tarchuir faoi Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

[2] Cásanna nach raibh nósanna imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm.

[3] Áirítear orthu seo tarchuir faoi Alt 20 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 sa chás go gcomhaontaíonn an gearánach nó an bheirt pháirtithe roimhe ré glacadh le Moladh na Cúirte; tarchuir a dhéantar go díreach chuig an gCúirt faoi Alt 26(5) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990; tarchuir faoi Alt 2(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 2001 (arna leasú) sa chás nach bhfuil nósanna imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm;

4 Áirítear air "Eile" gearáin ó fhostóirí nó ó cheardchumainn faoi shárú Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) arna dtarchur faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 nó faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969; iarratais ar chinntí faoi Alt 6 den Acht Caidrimh Thionscail, 2001; cásanna lena mbaineann ath-léiriú CFCanna; agus tarchuir faoi fhorálacha éagsúla um chearta fostaíochta.

**Tá sonraí iomlána na dtarchur faoi achtuithe éagsúla leagtha amach in Aguisín 1.**

## *CÁSANNA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2012*

### *Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche*

| 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|
| 883 | 1,019 | 136 (- 13%) |

### *Próifíl na gCásanna a Tugadh Chun Críche – de réir Catagóirí*

| **Catagóir** | **Líon 2012** | **Líon 2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Caidreamh Tionscail | 535 | 688 | -153 |
| Comhionannas | 44 | 52 | -8 |
| Eagrú Ama Oibre | 212 | 207 | +5 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 16 | 20 | -4 |
| Obair Pháirtaimseartha | 14 | 5 | +9 |
| Obair Téarma Shocraithe | 48 | 31 | +17 |
| Sábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair | 12 | 14 | -2 |
| Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe | 1 | 1 | 0 |
| An tAcht Sláinte | 0 | 1 | -1 |
| Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla | 1 | 0 | +1 |
| **Iomlán** | **883** | **1,019** | **-136** |

**Áirítear sonraí faoi na cásanna a thug an Chúirt chun críche faoi achtuithe éagsúla in Aguisín 2.**

## *ÉISTEACHTAÍ IN 2012*

### *Líon na nÉisteachtaí*

Bhí 938 Éisteacht ar bun ag an gCúirt ar an iomlán in 2012, i gcomparáid le 1043 in 2011. Ar mhaithe leis na héisteachtaí seo, d'eagraigh an Chúirt suíonna ag 13 láthair ar an iomlán.

### *Foinsí na gCásanna ar Éisteadh leo in 2012*

Léiríonn an méid a leanas foinsí na gcásanna ar éist an Chúirt leo in 2012, bunaithe ar sheoladh an fhostóra:

| Contae | Líon na gcásanna in 2012 |
|---|---|
| **Baile Átha Luain** | 4 |
| **Corcaigh** | 41 |
| **Dún na nGall** | 10 |
| **Baile Átha Cliath** | 676 |
| **Gaillimh** | 40 |
| **Luimneach** | 39 |
| **Port Laoise** | 22 |
| **Ros Comáin** | 21 |
| **Sligeach** | 22 |
| **Durlas** | 16 |
| **Port Láirge** | 11 |
| **Cathair na Mart** | 18 |
| **Loch Garman** | 18 |
| **Iomlán** | 938 |

# CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL IN 2012

## *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT*

***Líon na dTarchur Caidrimh Thionscail a Fuarthas***

| 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|
| 693 | 805 | 112 (- 14%) |

Tháinig laghdú 14% go dtí 693 ar líon na dtarchur faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012.

Cé go raibh formhór na gcatagóirí mar an gcéanna den chuid is mó, bhí roinnt eisceachtaí ann i gcomparáid le treocht na bliana 2011. Bhain an t-athrú ba shuntasaí ó thaobh céatadáin de le tarchuir faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969. B'ionann líon iomlán na dtarchur faoin gcatagóir seo agus 52 in 2012 i gcomparáid le 136 in 2011 - laghdú 62%. Chomh maith leis sin tháinig laghdú ar tharchuir ón gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais (CCO) faoi Alt 26(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 ó 193 go 158 - arb ionann é agus laghdú 18%.

Ba faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 a bhí an méadú ba mhó le feiceáil ar na tarchuir a fuarthas agus iad ag méadú ó 133 go dtí 158 - arb ionann é agus méadú 19%.

**Tá sonraí na gcásanna a tarchuireadh chuig an gCúirt faoi achtuithe éagsúla le fáil in Aguisín 1.**

***Próifíl na gCásanna Caidrimh Thionscail a Fuarthas***

| Foinse | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Tarchuir ón CCO (idir-réiteach)* | 158 | 193 | -35 |
| Achomhairc ar Mholtaí na gCoimisinéirí um Chearta | 133 | 146 | -13) |
| Gearán ó chomhlacht fostóra faoi shárú ar CFC | 52 | 136 | -84) |
| Gearán ó cheardchumann faoi shárú ar CFC | 170 | 163 | +7 |
| Tarchur díreach – glacadh roimh ré le Moladh | 161 | 139 | +22 |
| Tarchur díreach nuair nach bhfuil nósanna imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm | 2 | 4 | -2 |
| Léiriú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe/ Raon Feidhme an Chomhchoiste Oibreachais nó an Ordaithe Rialaithe Fostaíochta | 16 | 24 | -8 |

* Áirítear air seo roinnt cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt tar éis Moladh a bheith eisithe.

## *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna Caidrimh Thionscail a Tugadh chun Críche***

| 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|
| 535 | 688 | -153 (-22%) |

## *ACHOMHAIRC I gCÁSANNA CAIDRIMH THIONSCAIL*

Féadfaidh ceachtar páirtí i ndíospóid achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais in aghaidh moltaí Coimisinéirí um Chearta i gcásanna caidrimh thionscail. D'eisigh an Chúirt breitheanna i 104 achomharc in aghaidh moltaí den chineál sin in 2012; réitíodh 18 gcás sa bhreis roimh éisteacht na Cúirte Oibreachais nó ag éisteacht na Cúirte Oibreachais.

### *Foinsí na nAchomharc Caidrimh Thionscail*

| **Achomharc ó** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Oibrí | 66 (63%) | 70 (71%) |
| Fostóir | 38 (37%) | 28 (28%) |
| An dá thaobh | 0 | 1 (1%) |
| **Iomlán** | **104** | **99** |

### *Toradh na nAchomharc Caidrimh Thionscail*

| **Toradh na nAchomharc** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Seasadh le moladh an Choimisinéara um Chearta | 41 (39%) | 60 (61%) |
| Leasaíodh/athraíodh moladh an Choimisinéara um Chearta | 55 (53%) | 26 (26%) |
| Cuireadh moladh an an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 8 (8%) | 13 (13%) |
| Eile | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **104** | **99** |

# CÁSANNA COMHIONANNAIS IN 2012

## *CÁSANNA COMHIONANNAIS A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT*

***Líon na dTarchur Comhionannais***

| Catagóir | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomharc i gcoinne breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 66 | 64 | +2 |
| Achomharc i gcoinne breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais maidir le teorainn ama | 6 | 2 | +4 |
| Achomharc faoi Acht na bPinsean | 1 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **73** | **67** | **+6** |

Méadaíodh líon na dtarchur chuig an gCúirt in 2012 faoin reachtaíocht chomhionannais ó 6 cinn go dtí 73 ceann in 2012. Tá laghdú tagtha ar líon na dtarchur comhionannais go dtí an leibhéal atá ann i láthair na huaire, is é sin 73, ó 102 ar an iomlán in 2002.

***Forais Idirdhealaitheacha a Luadh sna hAchomhairc Chomhionannais a Tarchuireadh***

Sa 58 achomharc faoi Alt 83 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2012, luadh seacht gcinn de na naoi bhforas idirdhealaitheacha a ndéantar foráil dóibh faoin reachtaíocht. Luadh breis agus foras amháin i roinnt cásanna.

***Líon na gcásanna inar luadh gach aon fhoras***

| Inscne | Cine | Stádas Teaghlaigh | Aois | Míchumas | Gnéaschlaonadh | Stádas Pósta | Creideamh | A bheith ar dhuine den lucht siúil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 28 | 21 | 9 | 10 | 14 | náid | 4 | 1 | náid |

***Líon na bhforas a luadh in aghaidh gach achomhairc a tarchuireadh chuig an gCúirt***

| | |
|---|---|
| Foras amháin luaite | 52 achomharc |
| Dhá fhoras luaite | 10 n-achomharc |
| Trí fhoras nó níos mó luaite | 4 achomharc |

## *CÁSANNA COMHIONANNAIS A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

### *Líon na gCásanna Comhionannais a Tugadh chun Críche*

| Cineál/foinse | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Dífhostú (tarchur díreach ó dhuine/ó dhaoine) | 1 | 0 | +1 |
| Achomhairc | 43 | 52 | -9 |
| **Iomlán** | **44** | **52** | **-8** |

### *Foinse agus Toradh na gCásanna Achomhairc*

Maidir leis an 43 cás achomharc comhionannais a thug an Chúirt chun críche in 2012, réitíodh 14 díobh ag éisteacht nó i ndiaidh éisteachta, agus níor eisigh an Chúirt Cinneadh sna cásanna sin dá bhrí sin. Léiríonn an méid a leanas foinse agus toradh na n-achomharc sa 29 cás inar eisigh an Chúirt Cinneadh:

### *Foinse na nAchomharc*

| Achomharc ó | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Oibrí | 18 | 28 |
| Fostóir | 11 | 7 |
| An dá thaobh | náid | náid |
| **Iomlán** | **29** | **35** |

### *Toradh na nAchomharc*

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Daingníodh an bhreith ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais | 16 | 23 |
| Cuireadh Breith an Stiúrthóra ar ceal | 5 | 8 |
| Athraíodh Breith an Stiúrthóra | 8 | 3 |
| Eile | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **29** | **35** |

**Is féidir féachaint ar théacs gach ceann de na Cinntí seo ar láithreán Gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie. Beidh fáil ar achoimre ar na Cinntí ar an láithreán Gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA MAIDIR LE hEAGRÚ AMA OIBRE IN 2012

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 ná:

- comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a cheadú agus a chlárú
- achomhairc i gcoinne breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin a chinneadh ina líomhnaítear nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht i bhfeidhm

## *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

### *Ceaduithe in 2012*

Ceadaíodh comhaontú comhchoiteann amháin in 2012.

## *CÁSANNA AMA OIBRE A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT*

### *Líon agus Catagóirí na dTarchur*

| **Catagóir** | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 169 | 119 | +50 (+42%) |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 104 | 130 | -26 (-20%) |
| **Iomlán** | **273** | **249** | **+24 (+10%)** |

## *CÁSANNA AMA OIBRE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

### *An Líon a Tugadh chun Críche - de réir Catagóirí*

| **Catagóir** | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 115 | 76 | +39 (51%) |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 97 | 131 | -34 (26%) |
| **Iomlán** | **212** | **207** | **+5 (2.4%)** |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche - Foinse agus Toradh*

Maidir leis an 115 cás achomharc a tugadh chun críche, réitíodh fiche díobh roimh éisteacht, agus níor eisigh an Chúirt Cinneadh sna cásanna sin dá bhrí sin. Baineann an fhaisnéis thíos leis an 88 cás inar eisigh an Chúirt Cinneadh.

#### *Foinse na nAchomharc*

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Achomharc ó Fhostóir | 39 (44%) | 33 (59%) |
| Achomharc ó Oibrí/Oibrithe | 49 (56%) | 23 (41%) |
| Achomharc ón Dá Pháirtí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **88** | **56** |

#### *Toradh na nAchomharc*

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Seasadh le breith an Choimisinéara um Chearta | 43 (49%) | 26 (46%) |
| Athraíodh/leasaíodh breith an Choimisinéara um Chearta | 31 (35%) | 20 (36%) |
| Cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta ar ceal | 14 (16%) | 10 (18%) |
| **Iomlán** | **88** | **56** |

**Is féidir féachaint ar théacs gach ceann de na Cinntí seo ar láithreán Gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.Beidh fáil ar achoimre ar na Cinntí ar an láithreán Gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA MAIDIR LE PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA IN 2012

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 ná:

- achomhairc i gcoinne breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin a chinneadh ina líomhnaítear nár comhlíonadh/nár comhlíonadh go hiomlán breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht
- cinneadh a dhéanamh faoi iarratais ar dhíolúine (shealadach) ón oibleagáid a gcuid teidlíochtaí a íoc le fostaithe faoin Acht

## *TARCHUIR MAIDIR LE PÁ ÍOSTA A FUARTHAS*

***Líon agus Catagóirí na gcásanna a tarchuireadh***

| **Catagóir** | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 30 | 13 | +17 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 3 | 11 | -8 |
| Iarratais ar dhíolúine ó fhorálacha an Achta | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **33** | **24** | **+9** |

## *CÁSANNA MAIDIR LE PÁ ÍOSTA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche de réir Catagóirí***

| **Catagóir** | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc in aghaidh breithe ó Choimisinéirí um Chearta | 14 | 8 | +6 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 2 | 12 | -10 |
| **Iomlán** | **16** | **20** | **-4** |

**Is féidir féachaint ar théacs gach ceann de na Cinntí seo ar láithreán Gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie. Beidh fáil ar achoimre ar na Cinntí ar an láithreán Gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA MAIDIR LE COSAINT FOSTAITHE (OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA) IN 2012

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 ná:

- comhaontuithe comhchoiteanna maidir le corrfhostaithe páirtaimseartha faoin Acht a cheadú
- achomhairc i gcoinne breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin a chinneadh ina líomhnaítear nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht i bhfeidhm

## *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

Ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratas ar chomhaontú coiteann a cheadú faoin Acht seo in 2012.

## *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT IN 2012*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 12 | 13 | -1 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **12** | **13** | **-1** |

## *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2012*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche - de réir Catagóirí***

| Catagóir | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 14 | 5 | +9 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **14** | **5** | **+9** |

**Is féidir féachaint ar théacs gach ceann de na Cinntí seo ar láithreán Gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.Beidh fáil ar achoimre ar na Cinntí ar an láithreán Gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA MAIDIR LE COSAINT FOSTAITHE (OBAIR TÉARMA SHOCRAITHE) IN 2012

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 ná:

- achomhairc i gcoinne breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin a chinneadh ina líomhnaítear nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht i bhfeidhm

## *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT IN 2012*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 62 | 51 | +11 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 2 | 17 | -15 |
| **Iomlán** | **64** | **68** | **-4** |

## *CÁSANNA OIBRE TÉARMA SHOCRAITHE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2012*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche - de réir Catagóirí***

| **Catagóir** | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 45 | 17 | +28 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 3 | 14 | -11 |
| **Iomlán** | **48** | **31** | **+17** |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche - Foinse agus Toradh*

Maidir leis an 45 achomharc a thug an Chúirt chun críche, réitíodh cúig cinn díobh ag éisteacht nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt Cinneadh sna trí chás sin. Baineann an fhaisnéis thíos leis an 40 cás inar eisigh an Chúirt Cinneadh.

| **Foinse na n-achomharc** | **Líon na gcásanna 2012** | **Líon na gcásanna 2011** |
|---|---|---|
| Achomharc ó Fhostóir | 14 (35%) | 5 (36%) |
| Achomharc ó Oibrí/Oibrithe | 18 (45%) | 9 (64%) |
| Achomharc ón Dá Pháirtí | 8 (20%) | 0 |
| **Iomlán** | **40** | **14** |

| **Toradh na n-achomharc** | **Líon na gcásanna 2012** | **Líon na gcásanna 2011** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le breith an Choimisinéara um Chearta | 15 | 6 |
| Athraíodh/leasaíodh breith an Choimisinéara um Chearta | 19 | 6 |
| Cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta ar leataobh | 6 | 2 |
| **Iomlán** | **40** | **14** |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na cásanna inar eisigh an Chúirt Cinneadh ar láithreán Gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.Beidh fáil ar achoimre ar na Cinntí ar an láithreán Gréasáin chomh maith.**

# CÁSANNA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR IN 2012

## *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ná:

- achomhairc i gcoinne breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht a chinneadh
- gearáin a chinneadh ina líomhnaítear nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta faoin Acht i bhfeidhm

## *CÁSANNA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A TARCHUIREADH CHUIG AN gCÚIRT IN 2012*

***Líon agus Catagóirí na dTarchur***

| **Catagóir** | **Líon na dTarchur** | | |
|---|---|---|---|
| | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 19 | 25 | -6 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 2 | 0 | +2 |
| **Iomlán** | **21** | **25** | **-4** |

## *CÁSANNA MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2012*

***Líon na gCásanna a Tugadh Chun Críche - de réir Catagóirí***

| **Catagóir** | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| Achomhairc in aghaidh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta | 10 | 14 | -4 |
| Gearáin nár cuireadh breitheanna ó Choimisinéirí um Chearta i bhfeidhm | 2 | 0 | +2 |
| **Iomlán** | **12** | **14** | **-2** |

**Is féidir breathnú ar théacs gach ceann de na hachomhairc inar eisigh an Chúirt Cinneadh ar láithreán Gréasáin na Cúirte www.labourcourt.ie.Beidh fáil ar achoimre ar na Cinntí ar an láithreán Gréasáin chomh maith.**

# TARCHUR DÍOSPÓIDÍ: TREOCHT CÚIG BLIANA 2008–2012

## *TARCHUR DÍOSPÓIDÍ FOSTAÍOCHTA*

***An Chúirt Oibreachais***

| Bliain | Líon na dtarchur |
|---|---|
| **2012** | **1,181** |
| **2011** | **1,254** |
| **2010** | **1,452** |
| **2009** | **1,433** |
| **2008** | **1,179** |
| **Meán 5 Bliana** | **1,299** |

# AN TIMPEALLACHT CHAIDRIMH THIONSCAIL IN 2012

Ba é líon na laethanta a cailleadh mar gheall ar dhíospóidí tionsclaíocha in 2012 ná 8,486 i gcomparáid le 3,695 lá in 2011.

Bhí 5 dhíospóid thionsclaíocha ann in 2012, ag a raibh tionchar ar 1,920 oibrí agus ar 5 ghnólacht.

***Díospóidí tionsclaíocha: Le cúig bliana anuas***

| **Catagóir** | **2012** | **2011** | **2010** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na nDíospóidí** | 5 | 8 | 14 | 23 | 12 |
| **Líon na nGnólachtaí** | 5 | 8 | 14 | 168 | 10 |
| **Líon na nOibrithe** | 1920 | 1,384 | 511 | 278,228 | 356 |
| **Líon na Laethanta a Cailleadh** | 8486 | 3,695 | 6,602 | 329,706 | 4,179 |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

## *COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS*

### *Céard is Comhchoistí Oibreachais ann?*

Sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012, déantar foráil maidir le córas Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), meicníocht a ceapadh chun gur féidir íosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha fostaíochta reachtúla a leagan síos in earnálacha ar leith.

Féadfaidh an Chúirt Oibreachais Comhchoiste Oibreachais a bhunú le haghaidh aicme nó saghas oibrí tar éis iarratas a fháil ó pháirtí amháin as roinnt páirtithe atá ainmnithe sa reachtaíocht ábhartha. Is ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha sin a bheidh ar an gCoiste faoi chathaoirleach neamhspleách. Nuair a thagann sé ar chomhaontú i leith téarmaí agus coinníollacha, foilsíonn an CCO mionsonraí agus déanann sé aighneachtaí a lorg. Tar éis don Choiste aon aighneachtaí a bhreithniú, féadfaidh sé tograí a chur faoi bhráid na Cúirte Oibreachais d'fhonn Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh (féach thíos).

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais le hobair na CCOanna trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile a sholáthar dá gcruinnithe.

Ag deireadh 2012, bhí 10 CCO ann – tá siad seo liostaithe in Aguisín 3.

### *Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna)*

Is éard atá in Ordú Rialaithe Fostaíochta (ORF) ionstraim reachtúil, arna déanamh ag an gCúirt Oibreachais, ina leagtar síos rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóirí sainithe oibre in earnáil ar leith. Déanann an Chúirt ORF de bhun moltaí a fhaightear ón CCO san earnáil sin.

Trí ORF a dhéanamh, déantar na rátaí pá agus na coinníollacha atá ann infhorfheidhmithe le dlí: mar sin, is féidir leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (ÚNCF) sárú ar an ORF a fhiosrú agus is féidir leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta an sárú sin a ionchúiseamh.

**(Féach thíos le haghaidh athruithe reachtacha i ndáil le ORF a dhéanamh a tháinig in éifeacht an 1 Lúnasa 2012 faoin Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012.)**

***Rialú Ard-Chúirte maidir le bunreachtúlacht ORFanna a dhéanamh***
Cinneadh i rialú Ard-Chúirte an 7 Iúil 2011 *(John Grace Fried Chicken Ltd v an CCO um Lónadóireacht agus Eile)* go raibh meicníocht socraithe pá an ORF neamhbhunreachtúil. Mar thoradh air sin, bhí gach ORF neamh-infheidhme de réir an dlí. Mar fhreagairt air sin, thug an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi leasú an struchtúir CCO agus reachtaíocht a thabhairt isteach a chosnóidh stádas oibrithe a thagadh faoi réim na ORFanna éagsúla a chuir na CCOanna i dtoll a chéile roimhe sin. Mar chuid den phróiseas sin cuireadh tús le hathbhreithniú ar an struchtúr CCO in 2012.

### *Gníomhaíochtaí sa réimse seo in 2012*

Níor tionóladh aon chruinnithe le linn 2012.
I réimse na gruagaireachta, tá foráil sna ORFanna ábhartha chun gur féidir leis an CCO foghlaimeoirí (printísigh) i gceirdeanna san earnáil sin a chlárú. B'ionann líon na n-iarratas ar chlárú foghlaimeoirí sa cheird seo, a ndéanann an Chúirt Oibreachais bainistiú ar a gclárú, agus 102 in 2012.

## *COMHAONTUITHE FOSTAÍOCHTA CLÁRAITHE*

### *Céard is Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe ann?*

Is éard atá i gcomhaontuithe fostaíochta (dá bhforáiltear sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2012) comhaontuithe maidir le pá agus ar coinníollacha fostaíochta a dhéanann dhá thaobh i dtionscal nó i bhfiontar. Féadfaidh aon pháirtí i gcomhaontú fostaíochta den chineál sin iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a chlárú i *gClár na gComhaontuithe Fostaíochta*.

Sa chás gur deimhin leis an gCúirt Oibreachais go gcomhlíonann comhaontú a chuirtear i láthair na ceanglais ábhartha reachtúla, cláróidh sí an comhaontú. Is é an tionchar a bhíonn aige seo go mbeidh forálacha an chomhaontaithe infhorfheidhmithe le dlí i leith gach oibrí den aicme, den chineál nó den ghrúpa a bhfuil sé sainráite go bhfuil feidhm aige maidir leis, agus i leith a f(h)ostóra, fiú mura bhfuil an t-oibrí nó an fostóir sin ina p(h)áirti sa chomhaontú.

Má fhoráiltear le comhaontú fostaíochta cláraithe maidir le hathrú aon cheann dá fhorálacha, féadfaidh aon pháirtí sa chomhaontú iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais chun an comhaontú a athrú mar atá sé cláraithe. Má mheasann an Chúirt gur cuí é, tar éis di tabhairt faoi na nósanna imeachta riachtanacha, féadfaidh sí Ordú Athraithe a dhéanamh.

**(Féach thíos le haghaidh athruithe reachtacha i ndáil le CFC a chlárú a tháinig in éifeacht an 1 Lúnasa 2012 faoin Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2012.)**

### *Clárúcháin in 2012*

Ag deireadh 2012, bhí 75 comhaontú fostaíochta ar an gClár a bhí á chothabháil ag an gCúirt.

I rith 2012, cláraíodh comhaontú fostaíochta amháin.

Tá sonraí na gcomhaontuithe fostaíochta seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin na Cúirte Oibreachais ag **www.labourcourt.ie**

- An Tionscal Foirgníochta (Pá agus Coinníollacha Fostaíochta)
- An Tionscal Foirgníochta (Árachas Pinsean agus Pá Breoiteachta)
- An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí

- Éadaitheoireacht, Coisbheart agus Comhcheirdeanna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- Tionscal na Clódóireachta (Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath)
- Línte Cumhachta Lastuas
- An Tionscal Glantacháin ar Conradh

***Sáruithe ar Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe***

Is féidir gearán maidir le sárú ar chomhaontú fostaíochta cláraithe a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais faoi Alt 32 den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 nó faoi Alt 10 den Acht Caidrimh Thionscail, 1969. Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, is féidir leis an gCúirt ordú a dhéanamh go ndéanfar nithe ar leith chun cloí leis an gComhaontú. Féadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ionchúiseamh a dhéanamh nuair nach gcloítear le hOrdú den chineál sin.

In 2012, rinneadh 222 gearán i leith sáruithe ar chomhaontuithe fostaíochta cláraithe leis an gCúirt Oibreachais (féach Aguisín 1).

## *ATHRUITHE FAOIN ACHT CAIDRIMH THIONSCAIL (LEASÚ), 2012*

Leis an Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012 (a tháinig in éifeacht an 1 Lúnasa 2012), rinneadh leasuithe áirithe i ndáil leis na Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe agus leis na hOrduithe Rialaithe Fostaíochta.

Is é éifeacht na leasuithe nach féidir leis an gCúirt comhaontú a chlárú murar deimhin léi gur cuí amhlaidh a dhéanamh trí thagairt do chritéir atá liostaithe. Sa chás go gcláraíonn an Chúirt comhaontú tá dualgas uirthi é sin a chur in iúl don Aire. Féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh ina ndaingnítear téarmaí an chomhaontaithe más deimhin leis nó léi gur comhlíonadh coinníollacha reachtúla an Achta. Caithfear gach ordú a dhéanann an tAire a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus is féidir iad a neamhniú le rún ó cheachtar Tí.

Chomh maith leis sin rinneadh athruithe sa dlí lena rialaítear an chaoi a ndéantar Ordú Rialaithe Fostaíochta leis an Acht. Tá roinnt mhaith de na hathruithe nós imeachta mar an gcéanna leis na cinn a bhforáiltear dóibh maidir le Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe. Áirítear orthu foráil go ndéanfar Orduithe Rialaithe Fostaíochta le hIonstraim Reachtúil amach anseo a leagfar faoi bhráid an Oireachtais tar éis don Chúirt moladh a chur faoi bhráid an Aire.

Ní dhearnadh aon Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe ná Orduithe Rialaithe Fostaíochta faoi na forálacha nua le linn 2012.

## *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCAIL*

### *Céard is Comhchomhairlí Tionscail (CCTanna) ann?*

Is éard atá i "*gComhchomhairle Thionscail cháilithe*" comhlacht idirbheartaíochta deonach do thionscal nó do chuid de thionscal atá ionadaitheach d'fhostóirí agus d'oibrithe. Má chomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach sa reachtaíocht chaidrimh thionscail, féadfaidh sí iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an gCúirt Oibreachais. Má bhíonn an Chúirt sásta leis an iarratas, cuirfidh sí an comhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na Comhairlí trí oifigeach den Chúirt a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe.

Ag deireadh 2012, bhí 5 Chomhchomhairle Thionscail ar an gClár agus, mar a cheanglaítear faoi Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, áirítear sonraí fúthu sin in Aguisín 4.

### *Gníomhaíochtaí na CCTanna cláraithe in 2012*

Thionóil an Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Foirgníochta 2 chruinniú in 2012.
Thionóil an Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Glantacháin ar Conradh cruinniú amháin in 2012.

### *CCTanna 'Neamhchláraithe'*

Seachas na trí chomhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail, tá roinnt comhlachtaí eile ann a thugann faoi ghníomhaíochtaí dá samhail ach nár chuir isteach ar chlárú. Ina theannta sin, cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach den Chúirt ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe na gcomhlachtaí sin, agus d'fhreastail oifigigh na Cúirte ar na Comhchomhairlí Tionscail 'neamhchláraithe' seo a leanas in 2012:

**An Tionscal Conraitheoireachta Leictrí** (6 chruinniú)
**Fostaithe Tionscail Stáit** (3 chruinniú)

# AN PRÓISEAS ATHCHÓIRITHE UM CHAIDREAMH SAN IONAD OIBRE

Le linn 2012, leanadh ar aghaidh le hobair ar an gclár reachtach athchóirithe ar chearta fostaíochta agus nósanna imeachta caidrimh thionscail an Stáit. Is é an cuspóir ná seirbhís um chaidreamh san ionad oibre agus creatlach cearta fostaíochta den chéad scoth a bhunú trí na struchtúir, nósanna imeachta agus meicníochtaí reatha a chuíchóiriú, agus trí struchtúr níos simplí a bhunú fad agus a chuirtear le gnéithe láidre na gcóras reatha ag an am céanna. Is é cuspóir foriomlán an athchóirithe réiteach luath ar dhíospóidí a spreagadh, cearta na ngearánach/na bhfostaithe a chosaint agus na costais lena mbaineann a íoslaghdú do gach páirtí i dtéarmaí airgid, ama agus táirgeachta san ionad oibre.

In 2012, tugadh roinnt athchóirithe isteach lena n-áirítear Tairseach Teagmhála Aonair agus Seirbhís Thrialach do Réiteach Luath a bhunú agus Foirm Ghearáin Aonair agus Láithreán Gréasáin a sheoladh. Meastar go leanfaidh an obair seo ar aghaidh faoi dhlús méadaithe in 2013 agus tá an Chúirt Oibreachais tiomanta do rannpháirtíocht iomlán maidir le cuspóirí an tionscadail athchóirithe a bhaint amach.

# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

AGUISÍNÍ THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

## AGUISÍN 1 TARCHUIR A FUARTHAS IN 2012

| *Alt/Acht/Feidhmiú* | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionscail** | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Gearán ó cheardchumann faoi shárú CFC) | 170 | 163 | +7 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail 1946 (Léiriú ar CFC) | 16 | 22 | -6 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Léiriú ar CFC - arna tharchur ag Cúirt Dlí) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Léiriú ar chód cleachtais) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Ceist faoi raon feidhme CCO nó ORF) | 0 | 2 | -2 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Gearán faoi shárú ar CFC) | 52 | 136 | -84 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Achomharc i gcoinne Molta an Choimisinéara um Chearta) | 133 | 146 | -13 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 158 | 133 | +25 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Cásanna a tharchuir na páirtithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 3 | 6 | -3 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt) | 158 | 193 | -35 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cásanna a Tarchuireadh chuig an gCúirt in imthosca eisceachtúla) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú leis an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Cásanna nach bhfuil nósanna imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm) | 2 | 4 | -2 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 (Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 (Achomharc i gcoinne Bhreith an Choimisinéara um Chearta – maidir le hathíospairt) | 1 | 0 | 0 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail 1969 (léiriú maidir le pá agus coinníollacha) | 0 | 0 | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna Caidrimh Thionscail*** | **693** | **805** | **-112** |
| **Comhionannas** | | | |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i gcoinne breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais - teorainn ama) | 6 | 2 | +4 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Achomharc i gcoinne breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 62 | 58 | +4 |
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2008 (Achomharc i gcoinne Breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 4 | 6 | -2 |
| Alt 81(4), Acht na bPinsean 1990 (Tarchuireadh an cás chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 1 | 1 | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | **73** | **67** | **+6** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Eagrú Ama Oibre** | | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>(Achomharc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 169 | 119 | +50 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 104 | 130 | -26 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le hEagrú Ama Oibre*** | **273** | **249** | **+24** |

## TARCHUIR A FUARTHAS IN 2012 AGUISÍN 1 - ar lean

| *Alt /Acht / Feidhmiú* | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 30 | 13 | +17 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 3 | 11 | -8 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Pá Íosta Náisiúnta*** | **33** | **24** | **+9** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | |
| Alt 17(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 12 | 13 | -1 |
| Alt 17(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 0 | 0 | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna Oibre Páirtaimseartha*** | **12** | **13** | **-1** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe)** | | | |
| Alt 15(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 62 | 51 | +11 |
| Alt 15(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 2 | 17 | -15 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le hObair Téarma Shocraithe*** | **64** | **68** | **-4** |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair** | | | |
| Alt 29(1) an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 19 | 25 | -6 |
| Alt 29(8) an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005<br>(Gearán ó fhostaí nár cuireadh Breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 2 | 0 | +2 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair*** | **21** | **25** | **-4** |
| **Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe** | | | |
| Alt 15(1), an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006<br>(Cásanna a tarchuireadh go díreach chuig an gCúirt) | 0 | 1 | -1 |
| Alt 15(2) an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | 2 | 0 | +2 |
| Alt 15(4) an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | 1 | 0 | +1 |
| Alt 15(5) an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | 7 | 0 | +7 |
| ***Iomlán na gCásanna Faisnéise agus Comhchomhairle*** | **10** | **1** | **+9** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007 (Iarratas ón Aire ar thuairim maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | 1 | 0 | +1 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | **1** | **0** | **+1** |
| **Sláinte** | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne Bhreith an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | 1 | 2 | -1 |
| ***Iomlán na gCásanna Sláinte*** | **1** | **2** | **+1** |
| **IOMLÁN NA dTARCHUR A FUARTHAS** | **1,181** | **1,254** | **-198** |

## AGUISÍN 2- CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 2012

| *Alt /Acht / Feidhmiú* | **2012** | **2011** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| **Caidreamh Tionscail** | | | |
| Alt 32, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Gearán ó cheardchumann faoi shárú CFC) | 116 | 164 | -48 |
| Alt 33(1), an tAcht Caidrimh Thionscail 1946<br>(Léiriú ar CFC) | 12 | 27 | -15 |
| Alt 33(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946<br>(Léiriú ar CFC - arna tharchur ag Cúirt Dlí) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 10, an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Gearán faoi shárú ar CFC) | 42 | 103 | -61 |
| Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Achomharc i gcoinne Molta an Choimisinéara um Chearta) | 122 | 108 | +14 |
| Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir an Ceardchumann nó na hoibrithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 89 | 80 | +9 |
| Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969<br>(Cásanna a tharchuir na páirtithe go díreach – glacadh roimh ré leis an Moladh) | 1 | 7 | -6 |
| Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt) | 152 | 196 | -44 |
| Alt 26(3), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt gan idir-réiteach) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Cásanna a Tarchuireadh chuig an gCúirt in imthosca eisceachtúla) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 43(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>(Léiriú ar chód cleachtais) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 43(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990<br>Gearán faoi Shárú ar Chód Cleachtais | 0 | 0 | 0 |
| Alt 2(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 arna leasú leis an Acht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004<br>(Cásanna nach bhfuil nósanna imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm) | 1 | 3 | -2 |
| Alt 6(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001<br>(Iarratas ar Chinneadh maidir le Moladh) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004<br>(Achomharc i gcoinne Bhreith an Choimisinéara um Chearta – maidir le hathíospairt) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 28(1) agus Alt 29(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Tuairisc maidir le hathrú agus cealú CFC éisteachta) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 57(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Ceist maidir le raon feidhme CCO nó ORF) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 7, an tAcht Caidrimh Thionscail 1969 (léiriú maidir le pá agus coinníollacha) | 0 | 0 | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna Caidrimh Thionscail*** | **535** | **688** | ***-153*** |
| **Comhionannas** | | | |
| Alt 24, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1977<br>(Gearán nár cuireadh Cinneadh na Cúirte i bhfeidhm) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 77(2), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Cásanna maidir le dífhostú a thig as idirdhealú nó athíospairt) | 0 | 0 | 0 |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Achomharc i gcoinne breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais - teorainn ama) | 3 | 2 | +1 |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998<br>(Achomharc i gcoinne breithe ó Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais) | 40 | 49 | -9 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Alt 77A(2)(a), na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2008 | 0 | 1 | -1 |
| Alt 81(4), Acht na bPinsean 1990 (Tarchuireadh an cás chuig an gCúirt lasmuigh den teorainn ama) | 1 | 0 | +1 |
| ***Iomlán na gCásanna Comhionannais*** | ***44*** | ***52*** | ***-8*** |

## CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE IN 2012 - ar lean

| *Alt /Acht / Feidhmiú* | 2012 | 2011 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| **Eagrú Ama Oibre** | | | |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>(Achomharc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 115 | 76 | +39 |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 97 | 131 | -34 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le hEagrú Ama Oibre*** | ***212*** | ***207*** | ***+5*** |
| **Pá Íosta Náisiúnta** | | | |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 14 | 8 | +6 |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 2 | 12 | -10 |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Pá Íosta Náisiúnta*** | ***16*** | ***20*** | ***-4*** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | | | |
| Alt 17(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 14 | 5 | +9 |
| Alt 17(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 0 | 0 | 0 |
| ***Iomlán na gCásanna Oibre Páirtaimseartha*** | ***14*** | ***5*** | ***+9*** |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe)** | | | |
| Alt 15(1) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 45 | 17 | ***+28*** |
| Alt 15(8) an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003<br>(Gearán nár cuireadh breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 3 | 14 | ***-11*** |
| ***Iomlán na gcásanna maidir le hObair Téarma Shocraithe*** | ***48*** | ***31*** | ***+17*** |
| **Sábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair na bhFostaithe** | | | |
| Alt 29(1) an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005<br>(Achomhairc i gcoinne breithe ó Choimisinéir um Chearta) | 10 | 14 | ***-4*** |
| Alt 29(8) an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005<br>(Gearán ó fhostaí nár cuireadh Breith an Choimisinéara um Chearta i bhfeidhm) | 2 | 0 | ***+2*** |
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair*** | ***12*** | ***14*** | ***-2*** |
| **Faisnéis agus Comhchomhairle Fostaithe** | | | |
| Alt 15(1), an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006<br>(Cásanna a tharchuir an CCO chuig an gCúirt) | ***0*** | ***1*** | ***-1*** |
| Alt 15(5) an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), 2006 | ***1*** | ***0*** | ***+1*** |
| ***Iomlán na gCásanna Faisnéise agus Comhchomhairle*** | ***1*** | ***1*** | ***0*** |
| **Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla** | | | |
| Alt 7(1)(a), an tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara), 2007 (Iarratas ón Aire ar thuairim maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla) | 1 | 0 | +1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Iomlán na gCásanna maidir le Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla*** | **1** | **0** | **+1** |
| **Sláinte** | | | |
| Alt 55M(11), an tAcht Sláinte, 2004 (Achomharc i gcoinne Bhreith an Choimisinéara um Chearta faoin Acht seo) | 0 | 1 | -1 |
| ***Iomlán na gCásanna Sláinte*** | **0** | **1** | **-1** |
| ***IOMLÁN*** | **883** | **1,019** | **-136** |

## AGUISÍN 3

### *COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS A BHÍ ANN AMHAIL AN 31 NOLLAIG, 2012*

1. Comhchoiste Oibreachais na nOibrithe Talmhaíochta
2. An Comhchoiste Oibreachais um Lónadóireacht
3. An Comhchoiste Oibreachais um Lónadóireacht (Contaebhuirg Bhaile Átha Cliath agus Buirg Dhún Laoghaire)
4. An Comhchoiste Oibreachais um Ghlanadh ar Conradh
5. An Comhchoiste Oibreachais um Ghruagaireacht
6. Comhchoiste Oibreachais na nÓstlanna
7. Comhchoiste Oibreachais na nÓstlanna (le haghaidh na limistéar ar a dtugtaí Contaebhuirg Bhaile Átha Cliath agus Buirg Dhún Laoghaire go dtí an 1 Eanáir 1994)
8. Comhchoiste Oibreachais na gCléireach Dlí
9. Comhchoiste Oibreachais na Miondíoltóirí Earraí Grósaeireachta agus Comhearraí
10. Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Slándála

## AGUISÍN 4

### *COMHCHOMHAIRLÍ TIONSCAIL CLÁRAITHE*

Is de réir cheanglais Alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 a thugtar na sonraí seo a leanas faoi chomhlachais ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail le linn na tréimhse a chlúdaítear faoin Tuarascáil seo.

1. An Comhbhord Eadrána agus Idir-Réitigh do Thionscal Buataisí agus Bróg na hÉireann

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | 10 Iúil 1948 |
| *Rúnaí:* | An tUas. C. Cronin/An tUas. C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

2. An Chomhchomhairle Thionscail do Thrádáil Mhórdhíola Torthaí agus Glasraí Bhaile Átha Cliath

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | 27 Iúil 1964 |
| *Rúnaí:* | An tUas. C. Cronin/An tUas. C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

3. An Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Foirgníochta

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | 26 Iúil 1965 |
| *Rúnaí:* | An tUas. C. Cronin/An tUas. C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

4. An Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Slándála

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | 12 Nollaig 2011 |
| *Rúnaí:* | An tUas. C. Cronin/An tUas. C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

5. An Chomhchomhairle Thionscail don Tionscal Glantacháin ar Conradh

| | |
|---|---|
| *Dáta Clárúcháin:* | 19 Nollaig 2011 |
| *Rúnaí:* | An tUas. C. Cronin/An tUas. C. O'Reilly<br>An Chúirt Oibreachais |

# AGUISÍN 5

## *EIDHMEANNA NA CÚIRTE OIBREACHAIS*

### *Réamhrá Ginearálta*

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais leis an Acht Caidrimh Thionscail, 1946. Is iad feidhmeanna na Cúirte cabhair a sholáthar chun saincheisteanna caidrimh thionscail a réiteach. Ó bunaíodh í 65 bliain ó shin, tá ról na Cúirte tar éis fás agus forbairt, go mór mhór trína feidhm bhreithiúnais nua le blianta beaga anuas maidir le réimse leathan de chearta fostaíochta mar atá leagtha síos i reachtanna éagsúla.

Ag an tráth seo, is féidir ról na Cúirte a roinnt a bheag nó a mhór idir a cuid oibre um ***chaidreamh tionscail*** (na saincheisteanna siúd a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a cuid oibre um ***chearta fostaíochta*** (na cásanna a tharchuirtear chuig an gCúirt faoi Achtanna na gceart fostaíochta).

### *Caidreamh Tionscail*

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946 go 2012 maidir le rannpháirtíocht na Cúirte Oibreachais i réimse an chaidrimh thionscail. Bíonn an Chúirt rannpháirteach ar bhealaí éagsúla, agus is iad seo a leanas na príomhbhealaí:

- *Fiosrúchán ar dhíospóidí caidrimh thionscail*

  I gcás mórchuid de na díospóidí caidrimh thionscail a thagann os comhair na Cúirte lena bhfiosrú, bíonn iarracht déanta ag an gCoimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (trí chruinnithe idir-réitigh idir na páirtithe difriúla) teacht ar réiteach comhaontaithe cheana féin ina leith. Nuair a tharchuirtear díospóid chuig an gCúirt, beidh Éisteacht aici, agus eiseoidh sí '*Moladh*' ina dhiaidh sin, ina leagtar amach tuairimí na Cúirte i dtaobh cad is réiteach réasúnach ar an tsaincheist / ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid. Níl an Moladh ina cheangal ar na páirtithe ach bheifí ag súil go dtabharfaidís aird chuí ar thuairimí na Cúirte.

  In ionad dul ar aghaidh trí idir-réiteach leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, is féidir le ceachtar den dá pháirtí nó leis an dá pháirtí díospóidí a tharchur go díreach chuig an gCúirt nuair a aontaíonn siad roimh ré go mbeidh Moladh na Cúirte ina cheangal orthu.

  Tá forálacha speisialta ann a bhaineann le díospóidí áit nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás den chineál sin, eiseoidh an Chúirt Moladh tar éis di fiosrú a dhéanamh agus mura gcomhlíontar téarmaí an Mholta laistigh de thréimhse ainmnithe, féadfaidh an Chúirt '*Cinneadh*' infhorfheidhmithe a eisiúint má iarrtar sin uirthi.

- *Achomhairc in aghaidh moltaí ó Choimisinéirí um Chearta*

  Is féidir díospóid chaidrimh thionscail a bhaineann le hoibrí amháin a tharchur ar dtús chuig Coimisinéir um Chearta chun Moladh a fháil. Féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais in aghaidh Mholadh an Choimisinéara um Chearta, agus tar éis éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt *'Breith'* a bheidh ina cheangal ar na páirtithe.

- *Comhaontuithe Fostaíochta a Chlárú*

  Tugtar cur síos ar obair na Cúirte sa réimse seo roimhe seo sa Tuarascáil Bhliantúil seo. De ghnáth, beidh ar an gCúirt comhaontú pá agus coinníollacha a chlárú a thug an dá 'thaobh' chun críche in earnáil nó i bhfiontar ar leith agus is é an éifeacht a bheidh leis an gclárú sin go ndéanfar an comhaontú infhorfheidhmithe le dlí. Is féidir gearán maidir le sárú ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe a dhéanamh leis an gCúirt, agus tar éis di imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán, féadfaidh an Chúirt Ordú a dhéanamh á ordú gur chóir nithe sonracha a dhéanamh ionas go gcloífear leis an gComhaontú.

- *Comhchoistí Oibreachais / Orduithe Rialaithe Fostaíochta*

  Tugtar cur síos ar an réimse seo de ghníomhaíochtaí na Cúirte Oibreachais áit eile sa Tuarascáil seo. I mbeagán focal, féadfaidh an Chúirt, má iarrtar sin uirthi, Comhchoiste Oibreachais a bhunú i leith earnáil áirithe. Is ionadaithe fostóirí agus oibrithe san earnáil sin a bheidh ar an gCoiste faoi Chathaoirleach neamhspleách. Tiocfaidh an Coiste le chéile chun rátaí pá agus coinníollacha a phlé a chuirfear chun feidhme san earnáil agus féadfaidh sé tograí a chur faoi bhráid na Cúirte Oibreachais chun na rátaí agus coinníollacha comhaontaithe a ionchorprú in ionstraim is infhorfheidhmithe le dlí dá ngairtear '*Ordú Rialaithe Fostaíochta*'. Féach ar an nóta roimhe seo maidir le tionchar rialú na hArd-Chúirte in Iúil 2011 ar in-fhorfheidhmitheacht ORFanna.

- *Cóid Chleachtais*

  Leis an Acht Caidrimh Thionscail, 1990, déantar foráil go n-ullmhóidh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais *'cóid chleachtais'* i ndáil le caidreamh tionscail. Nuair a bhíonn cód den sórt sin i bhfeidhm, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais maidir le léiriú ar théarmaí an chóid. Ina theannta sin, féadfar gearán faoi shárú ar chód a dhéanamh leis an gCúirt.

***Cearta Fostaíochta***

Is éard a bhíonn i gceist le príomhobair na Cúirte i réimse na gceart fostaíochta gníomhú mar chomhlacht achomhairc maidir le breitheanna ó chomhlachtaí um Chearta Fostaíochta eile a bhfuil sé mar fheidhm acu éilimh nó gearáin a imscrúdú a rinneadh faoin reachtaíocht ábhartha.

- *Comhionannas Fostaíochta*

  I gcás ina bhfuil éileamh maidir le hidirdhealú fostaíochta curtha faoi bhráid Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2008, agus go bhfuil breith eisithe ag an Stiúrthóir maidir leis an éileamh, is féidir le ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais i gcoinne na breithe sin. Reáchtálfaidh an Chúirt Éisteacht maidir leis an achomharc agus eiseoidh sí '*Cinneadh*'.

- *Cearta Fostaíochta Eile*

Le blianta beaga anuas, tá réimse leathan de chearta fostaíochta leagtha amach in Achtanna éagsúla an Oireachtais. I gcás ina bhfuil gearán déanta leis an gCoimisinéir um Chearta á chur i leith gur sáraíodh ceann de na reachtanna um chearta fostaíochta thíos, is féidir achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais i gcoinne Bhreith an Choimisinéara um Chearta, agus eiseoidh an Chúirt Cinneadh tar éis di éisteacht leis na páirtithe.

Chomh maith leis sin, áit ar mhainnigh fostóir Breith an Choimisinéara um Chearta a chomhlíonadh i gcás ar bith agus nach ndearna sé nó sí achomharc chun na Cúirte Oibreachais in aghaidh na Breithe sin, féadfaidh an t-oibrí, tar éis tréimhse ama shonraithe, gearán a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais agus eiseoidh an Chúirt *'Cinneadh'* infhorfheidhmithe.


Eascraíonn feidhmeanna na Cúirte faoi na hAchtanna a leanas den chuid is mó:

- an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
- an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003
- an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

## AGUISÍN 6


### STRUCHTÚR AGUS RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

Tá naonúr comhaltaí sa Chúirt Oibreachais – Cathaoirleach, beirt Leas-Chathaoirleach agus seisear Gnáthchomhaltaí (triúr a dhéanann ionadaíocht d’oibrithe agus triúr eile do na fostóirí). Tá comhairleoir dlí sa Chúirt Oibreachais freisin ar a dtugtar an Cláraitheoir.





### *ÉiSTEACHTAÍ NA CÚIRTE*

Bíonn Rannóg de chuid na Cúirte a bhíonn i bhfeighil gach éisteacht den Chúirt, rannóg ina bhfuil Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach na Cúirte, Comhalta Oibrí agus Comhalta Fostóra




Ina theannta sin, freastalaíonn Rúnaí Cúirte ar gach aon éisteacht.

### *RIARACHÁN NA CÚIRTE OIBREACHAIS*



## AGUISÍN 7

### *TUILLEADH FAISNÉISE*

Tá tuilleadh faisnéise faoi gach ní sa Tuarascáil Bhliantúil seo le fáil ón seoladh seo:

An Chúirt Oibreachais
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4

Fón: (01) 613 6666
Uimhir íosghlao (má táthar ag glao lasmuigh de limistéar (01)): 1890 22 02 28
Facs: (01) 613 6667

r-phost: info@labourcourt.ie
Láithreán Gréasáin: www.labourcourt.ie

| Ceist | An Rannóg Ábhartha den Chúirt Oibreachais | Teagmhálaí |
|---|---|---|
| Maidir le cás áirithe, roimh an éisteacht | An Rannóg um Ríomhchlárú | (01) 6136608, 6136611, 6136650, 6136610 |
| Maidir le cás áirithe, tar éis na héisteachta | Rúnaí na Cúirte Ábhartha | Arna chur in iúl ag an éisteacht |
| • Comhchoistí Oibreachais<br>• Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe<br>• Orduithe Rialaithe Fostaíochta<br>• Pá Íosta Náisiúnta<br>• Clárúcháin do phrintíseachtaí gruagaireachta | { Rannóg na gComhchoistí Oibreachais/na gComhchomhairlí Tionscail | (01) 6136638, 6136639, 6136640, 6136641, 6136642<br>r-phost: jlc@labourcourt.ie |
| Faisnéis ghinearálta maidir le caidreamh tionscail, comhionannas, eagrú ama oibre, obair pháirtaimseartha, obair téarma shocraithe | Seirbhísí do Chustaiméirí Caidrimh Thionscail | 1890 80 80 90 |